**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2020/0365(COD)**

28.9.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil
(COM(2020)0829 – C9-0421/2020 – 2020/0365(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Lukas Mandl

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Foráiltear le Treoir 2008/114/CE[17] ón gComhairle do nós imeachta chun bonneagair chriticiúla Eorpacha a ainmniú in earnálacha an fhuinnimh agus an iompair, bonneagair a n-imreofaí mórthionchar trasteorann ar dhá Bhallstát ar a laghad dá ndéanfaí iad a shuaitheadh nó a scriosadh. Is ar chosaint na mbonneagar sin amháin a bhí an Treoir sin dírithe. Mar sin féin, fuarthas amach sa mheastóireacht a rinneadh ar Threoir 2008/114/CE[18] in 2019 nach leor bearta cosanta a bhaineann le sócmhainní aonair amháin chun gach suaitheadh a chosc, mar go bhfuil oibríochtaí ina n-úsáidtear bonneagar criticiúil ag éirí níos idirnasctha agus níos trasteorainní. Dá bhrí sin, is gá an cur chuige a athrú i dtreo athléimneacht eintiteas criticiúil a áirithiú, is é sin, an cumas atá acu teagmhais a mhaolú, a sheasamh, freastal orthu agus teacht aniar uathu, ar teagmhais iad a shuaitheann oibríochtaí an eintitis chriticiúil nó a d'fhéadfadh oibríochtaí an eintitis chriticiúil a shuaitheadh. | (1) Foráiltear le Treoir 2008/114/CE[17] ón gComhairle do nós imeachta chun bonneagair chriticiúla Eorpacha a ainmniú in earnálacha an fhuinnimh agus an iompair, bonneagair a imreodh mórthionchar trasteorann ar dhá Bhallstát ar a laghad dá ndéanfaí iad a shuaitheadh nó a scriosadh. Is ar chosaint na mbonneagar sin amháin a bhí an Treoir sin dírithe. Mar sin féin, fuarthas amach sa mheastóireacht a rinneadh ar Threoir 2008/114/CE[18] in 2019 nach leor bearta cosanta a bhaineann le sócmhainní aonair amháin chun gach suaitheadh a chosc, mar go bhfuil oibríochtaí ina n-úsáidtear bonneagar criticiúil ag éirí níos idirnasctha agus níos trasteorannaí. Dá bhrí sin, is gá an cur chuige a athrú i dtreo athléimneacht eintiteas criticiúil a áirithiú, is é sin, an cumas atá acu teagmhais a mhaolú, a sheasamh, freastal orthu agus teacht aniar uathu, ar teagmhais iad a d'fhéadfadh oibríochtaí an eintitis chriticiúil a shuaitheadh***, lena gcuirfí i mbaol an saol daonlathach, sóisialta agus eacnamaíoch i mBallstát amháin nó níos mó***. |
| [17] Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na | [17] Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na |

| | |
|---|---|
| mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75). | mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75). |
| [18] SWD(2019) 308. | [18] SWD(2019) 308. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) D'ainneoin na mbeart atá ann cheana ar leibhéal an Aontais[19] agus ar an leibhéal náisiúnta atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do chosaint bonneagar criticiúil san Aontas, níl na heintitis a fheidhmíonn na bonneagair sin feistithe go leormhaith chun dul i ngleic leis na rioscaí atá ann faoi láthair agus a mheastar a bheidh ann amach anseo maidir lena n-oibríochtaí, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh soláthar seirbhísí a shuaitheadh atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a fheidhmiú. Timpeallacht bagairtí dhinimiciúil is é is cúis leis sin, timpeallacht ina bhfuil bagairt shíorathraitheach na sceimhlitheoireachta agus idirspleáchais mhéadaitheacha idir bonneagair agus earnálacha, chomh maith le riosca fisiceach méadaithe i ngeall ar thubaistí nádúrtha agus ar an athrú aeráide, rud a mhéadaíonn minicíocht agus méid na n-eachtraí adhaimsire agus a chruthaíonn athruithe fadtéarmacha ar an meán-aeráid a d'fhéadfadh acmhainn agus éifeachtúlacht cineálacha áirithe bonneagair a laghdú mura bhfuil bearta athléimneachta nó oiriúnaithe aeráide i bhfeidhm. Thairis sin, ní dhéantar earnálacha agus cineálacha eintiteas ábhartha a aithint ina nithe criticiúla go comhsheasmhach i ngach Ballstát. | (2) D'ainneoin na mbeart atá ann cheana ar leibhéal an Aontais[19] agus ar an leibhéal náisiúnta atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do chosaint bonneagar criticiúil san Aontas, níl na heintitis a fheidhmíonn na bonneagair sin feistithe go leormhaith chun dul i ngleic, leis na rioscaí atá ann faoi láthair, ***a d'fhéadfadh a bheith ann*** agus a mheastar a bheidh ann amach anseo maidir lena n-oibríochtaí, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh soláthar seirbhísí a shuaitheadh atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a fheidhmiú. Is é is cúis leis sin ***timpeallacht slándála atá ag éirí níos dúshlánaí agus ina bhfuil bagairtí ilghnéitheacha a gcaithfidh an tAontas dul i ngleic leo i ndomhan an-ilpholach, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, go háirithe an intleacht shaorga, lena mbaineann iompraíocht neamhiontaofa ag gníomhaithe domhanda áirithe,*** timpeallacht bhagartha dinimiciúil lena mbaineann bagairt athraitheach ***ó stáit naimhdeacha agus ó ghníomhaithe neamhstáit*** agus idirspleáchais ***dhomhanda*** atá ag dul i méid idir bonneagair agus earnálacha, chomh maith le riosca fisiceach méadaithe mar gheall ar thubaistí nádúrtha agus ar an athrú aeráide, rud a mhéadaíonn minicíocht agus méid na n-eachtraí adhaimsire agus a chruthaíonn athruithe fadtéarmacha ar an meán-aeráid a d'fhéadfadh acmhainn agus éifeachtúlacht |

cineálacha áirithe bonneagair a laghdú mura bhfuil bearta athléimneachta nó oiriúnaithe aeráide i bhfeidhm. Thairis sin, ní aithnítear go comhsheasmhach i ngach Ballstát a thábhachtaí is atá earnálacha agus cineálacha eintiteas ábhartha.

[19] An Clár Eorpach um Bonneagar Criticiúil a Chosaint (EPCIP).

[19] An Clár Eorpach um Bonneagar Criticiúil a Chosaint (EPCIP).

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tagann na hidirspleáchais mhéadaitheacha sin as líonra soláthair seirbhíse atá ag éirí níos trasteorainní agus níos idirspleáiche agus a úsáideann príomhbhonneagair ar fud an Aontais in earnálacha an fhuinnimh, an iompair, na baincéireachta, bhonneagar an mhargaidh airgeadais, an bhonneagair dhigitigh, an uisce óil, an fhuíolluisce, agus na sláinte, i ngnéithe áirithe den riarachán poiblí, agus in earnáil an spáis a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí áirithe atá ag brath ar bhonneagair ar talamh atá faoi úinéireacht na mBallstát nó páirtithe príobháideacha agus atá á mbainistiú acu agus á n-oibriú acu. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear bonneagair atá faoi úinéireacht an Aontais mar chuid dá chláir spáis nó atá faoi úinéireacht duine nó grúpa eile thar ceann an Aontais, nó bonneagair atá á mbainistiú agus á n-oibriú ag an Aontas nó thar ceann an Aontais. Ciallaíonn na hidirspleáchais sin go bhféadfadh éifeachtaí cascáideacha a bheith ag aon suaitheadh, go fiú suaitheadh a bhaineann le heintiteas nó earnáil amháin, éifeachtaí a d’fhéadfadh drochthionchar forleathan marthanach a imirt ar sheachadadh seirbhísí ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Léirigh paindéim COVID-19 a leochailí atá ár sochaithe i | (3) Tagann na hidirspleáchais mhéadaitheacha sin as líonra soláthair seirbhíse atá ag éirí níos trasteorainní agus níos idirspleáiche agus a úsáideann príomhbhonneagair ar fud an Aontais in earnálacha an fhuinnimh, an iompair, na baincéireachta, bhonneagar an mhargaidh airgeadais, an bhonneagair dhigitigh, ***seirbhísí teileachumarsáide (lena n-áirítear crua-earraí, bogearraí, dochtearraí agus líonraí),*** an uisce óil, an fhuíolluisce, agus na sláinte, i ngnéithe áirithe den riarachán poiblí, agus in earnáil an spáis a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí áirithe atá ag brath ar bhonneagair ar talamh atá faoi úinéireacht na mBallstát nó páirtithe príobháideacha agus atá á mbainistiú acu agus á n-oibriú acu. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear bonneagair atá faoi úinéireacht an Aontais mar chuid dá chláir spáis nó atá faoi úinéireacht duine nó grúpa eile thar ceann an Aontais, nó bonneagair atá á mbainistiú agus á n-oibriú ag an Aontas nó thar ceann an Aontais ***ach atá ábhartha freisin don Chomhbheartas Slándála agus Cosanta***. ***Tá bonneagar atá faoi úinéireacht, á bhainistiú nó á fheidhmiú ag an Aontas nó thar a cheann mar chuid dá chláir spáis an-tábhachtach do shlándáil an Aontais agus a Bhallstát*** |

leith rioscaí a bhfuil dóchúlacht íseal ag baint leo, sochaithe atá ag éirí níos idirspleáiche de réir a chéile.

***agus d'fheidhmiú cuí mhisin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta. De bhun Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], ní mór an bonneagar sin a chosaint go leordhóthanach.*** Ciallaíonn na hidirspleáchais sin go bhféadfadh éifeachtaí ollmhóra a bheith ag aon suaitheadh, go fiú suaitheadh a bhaineann le heintiteas nó earnáil amháin, as a bhféadfadh tionchair dhiúltacha fhorleathana agus fhadmharthanacha teacht i seachadadh seirbhísí ar fud an mhargaidh inmheánaigh ***agus a d'fhéadfadh slándáil agus sábháilteacht shaoránaigh an Aontais agus saol eacnamaíoch, sóisialta agus daonlathach agus leasanna airgeadais an Aontais a chur i mbaol.*** Léirigh paindéim COVID-19 leochaileacht ár sochaithe atá ag éirí níos idirspleáiche de réir a chéile agus iad ag dul i ngleic le rioscaí a bhfuil dóchúlacht íseal ach ***mórthionchar*** ag baint leo ***agus a ríthábhachtaí atá sé chun, inter alia, slabhra soláthair na n-amhábhar, na gceimiceán agus na dtáirgí cógaisíochta atá bunriachtanach do go leor earnálacha criticiúla bonneagair a dhaingniú.***

______________

***[1a] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***(3a) Tuigtear don Aontas go bhfuil feachtais hibrideacha ilghnéitheach, lena dtugtar bearta comhéigneacha agus treascracha le chéile agus lena n-úsáidtear uirlisí agus teaictící comhghnásacha agus neamhghnácha araon, amhail uirlisí agus teaictící taidhleoireachta, míleata, eacnamaíocha agus uirlisí agus teaictící teicneolaíocha chun an freasúra a dhíchobhsú. Tá feachtais hibrideacha deartha le bheith deacair le brath nó le sannadh, agus is féidir le gníomhaithe stáit agus neamhstáit iad a úsáid. Cuireann an t-idirlíon agus líonraí ar líne ar chumas gníomhaithe stáit agus neamhstáit gníomhú go hionsaitheach ar bhealaí nua. Is féidir úsáid a bhaint astu chun bonneagar criticiúil, eintitis agus próisis dhaonlathacha a haiceáil, bréagaisnéis áititheach agus feachtais bholscaireachta áititheacha a sheoladh, faisnéis a ghoid agus sonraí íogaire a dhílódáil san fhearann poiblí. D'fhéadfadh cibirionsaithe mórscála ar eintitis chriticiúla agus ar bhonneagar thar theorainneacha Airteagal 222 CFAE a agairt.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) Éilíonn teagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála ar leibhéal an Aontais agus an t-ardleibhéal idirspleáchais idir earnálacha agus tíortha gníomhaíocht chomhordaithe chun freagairt thapa agus éifeachtach a áirithiú, mar aon le cosc agus ullmhacht níos fearr i gcás cásanna comhchosúla amach anseo. Tá infhaighteacht líonraí criticiúla agus eintitis agus córais faisnéise cibear-athléimneacha agus infhaighteacht,*** |

| | |
|---|---|
| | ***rúndacht agus sláine sonraí ríthábhachtach do shlándáil an Aontais laistigh agus lastall dá theorainneacha. Ós rud é go bhfuil teorainn éiginnte ann idir cúrsaí sibhialta agus míleata agus i bhfianaise gur de chineál déach iad cibearuirlisí agus cibirtheicneolaíochtaí, tá gá le cur chuige cuimsitheach iomlánaíoch.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Tá earnálacha áirithe den gheilleagar, amhail an fuinneamh agus an t-iompar, á rialáil cheana féin nó féadfar iad a rialáil amach anseo le gníomhartha earnáilsonracha de chuid dhlí an Aontais ina bhfuil rialacha a bhaineann le gnéithe áirithe d'athléimneacht eintiteas atá ag feidhmiú sna hearnálacha sin. Chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach cuimsitheach, ar athléimneacht na n-eintiteas sin atá criticiúil d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart na bearta earnáilsonracha sin a chomhlánú leis na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo, rud a chruthaíonn creat uileghabhálach lena dtugtar aghaidh ar athléimneacht eintiteas criticiúil i ndáil le gach cineál guaise, is é sin le rá, guaiseacha nádúrtha agus de dhéantús an duine, guaiseacha taismeacha agus d'aon ghnó. | (7) Tá earnálacha áirithe den gheilleagar, amhail earnáil an fhuinnimh agus earnáil an iompair á rialáil cheana féin nó féadfar iad a rialáil amach anseo le gníomhartha earnáilsonracha de chuid dhlí an Aontais ina bhfuil rialacha a bhaineann le gnéithe áirithe d'athléimneacht eintiteas atá ag feidhmiú sna hearnálacha sin. Chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach cuimsitheach, ar athléimneacht na n-eintiteas sin atá criticiúil d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh ***agus ar mhaithe le slándáil agus sábháilteacht shaoránaigh an Aontais***, ba cheart na bearta earnáilsonracha sin a chomhlánú leis na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo, rud a chruthaíonn creat uileghabhálach lena dtugtar aghaidh ar athléimneacht eintiteas criticiúil i ndáil le gach cineál guaise, is é sin le rá, guaiseacha nádúrtha agus de dhéantús an duine, guaiseacha taismeacha agus d'aon ghnó ***agus a áirithíonn comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá ar aon intinn i leith athléimneacht a chothú.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) I bhfianaise a thábhachtaí atá an chibearshlándáil le haghaidh athléimneacht eintiteas criticiúil agus ar mhaithe le comhsheasmhacht, is gá, i gcás inar féidir, cur chuige comhleanúnach idir an Treoir seo agus Treoir (AE) XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] [Treoir atá beartaithe maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann cibearshlándála ar fud an Aontais; (dá ngairtear “Treoir NIS 2” anseo feasta)], ***nuair is féidir***. I bhfianaise a mhinice is atá cibear-rioscaí agus i bhfianaise na saintréithe ar leith a bhaineann leo, forchuirtear le Treoir NIS 2 ceanglais chuimsitheacha ar thacar mór eintiteas chun a gcibearshlándáil a áirithiú. Ós rud é go dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar an gcibearshlándáil i dTreoir NIS 2, ba cheart na hábhair a chumhdaítear léi ***a eisiamh ó raon feidhme*** na Treorach seo, g***an dochar don chóras sainiúil le haghaidh eintitis in earnáil an bhonneagair dhigitigh.*** | (8) I bhfianaise a thábhachtaí atá an chibearshlándáil le haghaidh athléimneacht eintiteas criticiúil agus ar mhaithe le comhsheasmhacht, is gá, i gcás inar féidir, cur chuige comhleanúnach idir an Treoir seo agus Treoir (AE) XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] [Treoir atá beartaithe maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann cibearshlándála ar fud an Aontais; (dá ngairtear “Treoir NIS 2” anseo feasta)]. I bhfianaise a mhinice is atá cibir-rioscaí ag tarlú agus i bhfianaise na saintréithe ar leith a bhaineann leo ***agus líon méadaitheach na cibirionsaithe agus na dteagmhas atá cibearchumasaithe arna ndéanamh ag stát naimhdeach nó ag gníomhaithe neamhstáit***, forchuirtear le Treoir NIS 2 ceanglais chuimsitheacha ar thacar mór eintiteas chun a gcibearshlándáil a áirithiú. Ós rud é go dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar an gcibearshlándáil i dTreoir NIS 2, ba cheart ***feidhm chomhleanúnach agus chomhsheasmhach*** a bheith ag na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir sin i leith na Treorach seo, ***nuair is féidir agus nuair is gá.*** |
| [20] [Tagairt do Threoir NIS 2, nuair a ghlacfar í.] | [20] [Tagairt do Threoir NIS 2, nuair a ghlacfar í.] |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Ós rud é go bhfuil méadú ar mhinicíocht, ar dhéine agus ar chastacht tubaistí nádúrtha mar thoradh ar an athrú aeráide, rud a d’fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí bunriachtanacha nó*** |

***bonneagar bunriachtanach a scrios a mbeadh éifeachtaí suntasacha trasearnálacha nó trasteorann mar thoradh air, tá gá le cur chuige comhleanúnach idir an Treoir seo agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], arna leasú, go háirithe maidir le saincheisteanna lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí ullmhachta agus freagartha.***

___________________

***[1a] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ba cheart cur chuige rioscabhunaithe a leanúint i ndáil le gníomhaíochtaí na mBallstát chun eintitis chriticiúla a shainaithint agus chun an athléimneacht atá acu áirithiú, cur chuige lena ndírítear ar na heintitis is ábhartha maidir le feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a fheidhmiú. Chun cur chuige spriocdhírithe den sórt sin a áirithiú, ba cheart do gach Ballstát measúnú a dhéanamh, laistigh de chreat comhchuibhithe, ar na rioscaí ábhartha uile, idir rioscaí nádúrtha agus de dhéantús an duine, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha, lena n-áirítear timpistí, tubaistí nádúrtha, éigeandálaí sláinte poiblí amhail paindéimí, agus bagairtí eascairdiúla, lena n-áirítear cionta sceimhlitheoireachta. Agus na measúnuithe riosca sin á ndéanamh acu, ba | (11) Ba cheart cur chuige rioscabhunaithe a leanúint i ndáil le gníomhaíochtaí na mBallstát chun eintitis chriticiúla a shainaithint agus chun an athléimneacht atá acu a áirithiú, cur chuige lena ndírítear ar na heintitis is ábhartha maidir le feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a fheidhmiú. Chun cur chuige spriocdhírithe den sórt sin a áirithiú, ba cheart do gach Ballstát measúnú a dhéanamh, laistigh de chreat comhchuibhithe, ar na rioscaí ábhartha uile, idir rioscaí nádúrtha agus de dhéantús an duine, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha, lena n-áirítear timpistí, tubaistí nádúrtha, ***na hiarmhairtí diúltacha ag eascairt ón athrú aeráide***, éigeandálaí sláinte poiblí amhail paindéimí, agus bagairtí eascairdiúla, ***agus bagairtí hibrideacha*** |

cheart do na Ballstáit measúnaithe riosca ginearálta nó earnáilsonracha eile a chur san áireamh, ar measúnaithe riosca iad a dhéantar de bhun gníomhartha eile de chuid dhlí an Aontais, agus ba cheart dóibh na spleáchais idir earnálacha a mheas, lena n-áirítear ó Bhallstáit eile agus ó thríú tíortha. Ba cheart torthaí an mheasúnaithe riosca a úsáid i bpróiseas sainaitheantais na n-eintiteas criticiúil agus ba cheart na torthaí a úsáid chun cabhrú leis na heintitis sin ceanglais athléimneachta na Treorach seo a chomhlíonadh.

***amhail trasnaíocht eachtrach agus feachtais bhréagaisnéise mhailíseacha, chomh maith le bagairtí CBRN.*** Agus na measúnuithe riosca sin á ndéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit measúnaithe riosca ginearálta nó earnáilsonracha eile a chur san áireamh, ar measúnaithe riosca iad a dhéantar de bhun gníomhartha eile de chuid dhlí an Aontais***, go háirithe faoi Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa augs ón gComhairle[1a]*** agus ba cheart dóibh na spleáchais idir earnálacha a mheas, lena n-áirítear ó Bhallstáit eile agus ó thríú tíortha. ***D'fhéadfadh sineirgíocht le ECAT i réimse na hullmhachta sibhialta a bheith tábhachtach, go háirithe le Coiste Pleanála Éigeandála Sibhialta ECAT, a leag amach seacht bpríomhthoisc ullmhachta don athléimneacht a chuirtear i gcuntas agus athléimneacht á tomhas. Ina theannta sin, ba cheart an próiseas anailíse bagairtí faoi chuimsiú CBSC a chur i gcuntas freisin.*** Ba cheart torthaí an mheasúnaithe riosca a úsáid i bpróiseas sainaitheantais na n-eintiteas criticiúil agus ba cheart na torthaí a úsáid chun cabhrú leis na heintitis sin ceanglais athléimneachta na Treorach seo a chomhlíonadh.

___________________

***[1a] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chun a áirithiú go mbeidh na heintitis ábhartha uile faoi réir na | (12) Chun a áirithiú go mbeidh na heintitis ábhartha uile faoi réir na |

| | |
|---|---|
| gceanglas sin agus chun difríochtaí ina leith sin a laghdú, tá sé tábhachtach rialacha comhchuibhithe a leagan síos lenar féidir eintitis chriticiúla a shainaithint go comhsheasmhach ar fud an Aontais, ach lena ligtear do na Ballstáit sainiúlachtaí náisiúnta a léiriú freisin. Dá bhrí sin, ba cheart critéir a leagan síos chun eintitis chriticiúla a shainaithint. Ar mhaithe le héifeachtacht, éifeachtúlacht, comhsheasmhacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart rialacha iomchuí a leagan síos maidir le fógra a thabhairt agus maidir le comhar a bhaineann leis an sainaithint sin, chomh maith leis na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann leis. Chun é a chur ar a chumas don Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit faisnéis ábhartha a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ar bhealach atá chomh mionsonraithe ***agus*** chomh sonrach ***agus is féidir***, agus, in aon chás, liosta na seirbhísí fíor-riachtanacha, an líon eintiteas criticiúil a sainaithníodh i ngach earnáil agus fo-earnáil dá dtagraítear san Iarscríbhinn, agus an tseirbhís nó na seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthraíonn gach eintiteas, chomh maith le haon tairseach a chuirtear i bhfeidhm. | gceanglas sin agus chun difríochtaí ina leith sin a laghdú, tá sé tábhachtach rialacha comhchuibhithe a leagan síos lenar féidir eintitis chriticiúla a shainaithint go comhsheasmhach ar fud an Aontais, ach lena ligtear do na Ballstáit sainiúlachtaí náisiúnta a léiriú freisin. Dá bhrí sin, ba cheart critéir ***choiteanna atá bunaithe ar tháscairí agus modheolaíochtaí íosta do gach earnáil agus do gach fo-earnáil*** a leagan síos chun eintitis chriticiúla a shainaithint. Ar mhaithe le héifeachtacht, éifeachtúlacht, comhsheasmhacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart rialacha iomchuí a leagan síos maidir le fógra a thabhairt agus maidir leis an gcomhar agus na hiarmhairthí dlíthiúla a bhaineann leis an tsainaithint sin. Chun é a chur ar a chumas don Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit faisnéis ábhartha a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ar bhealach atá mionsonraithe agus sonrach, ***inchomparáide agus caighdeánaithe*** agus, in aon chás, liosta na seirbhísí fíor-riachtanacha, an líon eintiteas criticiúil a sainaithníodh i ngach earnáil agus fo-earnáil dá dtagraítear san Iarscríbhinn, agus an tseirbhís nó na seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthraíonn gach eintiteas, chomh maith le haon tairseach a chuirtear i bhfeidhm. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart do na Ballstáit tacú le heintitis chriticiúla chun a n-athléimneacht á neartú, i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin Treoir seo, gan dochar d'fhreagracht dhlíthiúil na n-eintiteas féin maidir leis an gcomhlíontacht sin a áirithiú. Go háirithe, d'fhéadfadh na Ballstáit ábhair threoracha | (19) Ba cheart do na Ballstáit tacú le heintitis chriticiúla chun a n-athléimneacht á neartú, i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin Treoir seo, gan dochar d'fhreagracht dhlíthiúil na n-eintiteas féin maidir leis an gcomhlíontacht sin a áirithiú. Go háirithe, d'fhéadfadh na Ballstáit ábhair threoracha |

agus modheolaíochtaí treoracha a fhorbairt, tacú le cleachtaí a eagrú chun an athléimneacht a thástáil, agus oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne eintiteas criticiúil. Ina theannta sin, i bhfianaise na n-idirspleáchas idir eintitis agus earnálacha, ba cheart do na Ballstáit uirlisí comhroinnte faisnéise a chur ar bun chun tacú le comhroinnt faisnéise dheonach idir eintitis chriticiúla, gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

agus modheolaíochtaí treoracha a fhorbairt, tacú le cleachtaí a eagrú, ***lena n-áirítear cleachtaí trasearnála agus trasteorann, i gcás inarb iomchuí,*** chun an athléimneacht a thástáil, agus oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne eintiteas criticiúil. ***D'fhéadfadh na Ballstáit féachaint an bhféadfaí comhar a mhéadú le heagraíochtaí idirnáisiúnta mar Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus na Náisiúin Aontaithe.*** Ina theannta sin, i bhfianaise na n-idirspleáchas idir eintitis agus earnálacha, ba cheart do na Ballstáit uirlisí comhroinnte faisnéise a chur ar bun chun tacú le comhroinnt faisnéise dheonach idir eintitis chriticiúla, gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Chun a bheith in ann a n-athléimneacht a áirithiú, ba cheart tuiscint chuimsitheach a bheith ag eintitis chriticiúla ar na rioscaí ábhartha uile ar a bhfuil siad neamhchosanta agus ba cheart dóibh anailís a dhéanamh ar na rioscaí sin. Chun na críche sin, ba cheart dóibh measúnuithe riosca a dhéanamh, nuair is gá sin i bhfianaise a gcuid dálaí sonracha féin agus i bhfianaise fhorbairt na rioscaí sin, ach in aon chás ba cheart dóibh measúnú riosca a dhéanamh gach ceithre bliana. Ba cheart na measúnuithe riosca a dhéanann eintitis chriticiúla a bheith bunaithe ar an measúnú riosca a dhéanann na Ballstáit. | (20) Chun a bheith in ann a n-athléimneacht a áirithiú, ba cheart tuiscint chuimsitheach a bheith ag eintitis chriticiúla ar na rioscaí ábhartha uile ar a bhfuil siad neamhchosanta agus ba cheart dóibh anailís a dhéanamh ar na rioscaí sin. Chun na críche sin, ba cheart dóibh measúnuithe riosca a dhéanamh, nuair is gá sin i bhfianaise a gcuid dálaí sonracha féin agus i bhfianaise fhorbairt na rioscaí sin, ach in aon chás ba cheart dóibh measúnú riosca a dhéanamh gach ceithre bliana. Ba cheart na measúnuithe riosca a dhéanann eintitis chriticiúla a bheith bunaithe ar an measúnú riosca a dhéanann na Ballstáit***, ag úsáid modheolaíocht choiteann arna*** |

| | |
|---|---|
| | ***bunú do gach earnáil a chumhdaítear***. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) An baol go mbainfidh ***fostaithe eintiteas criticiúil mí-úsáid as, cuir i gcás, a*** gcearta rochtana laistigh d'eagraíocht an eintitis chun díobháil agus damáiste a dhéanamh, is ábhar imní é atá ag géarú i rith an ama. ***Is measa an baol sin mar gheall ar an radacú, feiniméan atá ag dul i méid agus a bhfuil*** an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht ***mar thoradh air***. Is gá, dá bhrí sin, é a chur ar chumas eintiteas criticiúil seiceálacha cúlra a iarraidh ar dhaoine a thagann faoi réim catagóirí sonracha dá mbaill foirne agus a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis ábhartha measúnú gasta ar na hiarrataí sin, i gcomhréir le rialacha infheidhme dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta. | (24) Is cúis imní atá ag dul i méid é an baol go mbainfí ***mí-úsáid as na*** cearta rochtana laistigh d'eagraíocht ríthábhachtach an eintitis ***chriticiúil*** chun dochar agus damáiste a dhéanamh, ***go háirithe i gcomhthéacs na trasnaíochta ón gcoigríoch*** atá ag dul i méid, ***bréagaisnéis mhailíseach agus*** radacú ***a bhféadfadh*** antoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireacht ***a bheith mar thoradh air.*** Is gá, dá bhrí sin, é a chur ar chumas eintiteas criticiúil seiceálacha cúlra a iarraidh ar dhaoine a thagann faoi réim catagóirí sonracha dá mbaill foirne***, agus lánurraim á tabhairt dá gcearta bunúsacha, do dhlí an tsaothair agus do chosaint sonraí agus do phríobháideachas, gan aon idirdhealú a dhéanamh le nósanna imeachta earcaíochta claonta,*** agus a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis ábhartha measúnú gasta ar na hiarrataí sin, i gcomhréir le rialacha infheidhme dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ba cheart d'eintitis chriticiúla fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát maidir le teagmhais a shuaitheann go mór a n-oibríochtaí nó a d'fhéadfadh a n-oibríochtaí a shuaitheadh go mór, a luaithe | (25) Ba cheart d'eintitis chriticiúla fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát maidir le teagmhais a shuaitheann go mór a n-oibríochtaí nó a d'fhéadfadh a n-oibríochtaí a shuaitheadh go mór, a luaithe |

| | |
|---|---|
| is féidir le réasún faoi na himthosca atá ann. Ba cheart go gcuirfeadh an fógra ar chumas na n-údarás inniúil freagairt thapa leormhaith a thabhairt ar na teagmhais agus forléargas cuimsitheach a bheith acu ar na rioscaí foriomlána a mbíonn ar eintitis chriticiúla aghaidh a thabhairt orthu. Chun na críche sin, ba cheart nós imeachta a bhunú i ndáil le fógra a thabhairt faoi theagmhais áirithe agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le paraiméadair chun a dhéanamh amach cathain a bhíonn an suaitheadh atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann mór agus ar cheart, dá bhrí sin, fógra a thabhairt faoi na teagmhais. I bhfianaise an tionchair trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ag suaitheadh den sórt sin, ba cheart nós imeachta a bhunú lena bhféadfadh na Ballstáit, trí phointí teagmhála aonair, na Ballstáit eile a ndéantar difear dóibh a chur ar an eolas faoi. | is féidir le réasún faoi na himthosca atá ann. Ba cheart go gcuirfeadh an fógra ar chumas na n-údarás inniúil freagairt thapa leormhaith a thabhairt ar na teagmhais agus forléargas cuimsitheach a bheith acu ar na rioscaí foriomlána a mbíonn ar eintitis chriticiúla aghaidh a thabhairt orthu. ***Ba cheart go spreagfaí leis an bhfógra freisin, i gcás inarb iomchuí, faisnéis le treoir shoiléir shábháilteachta agus shlándála a sholáthar d'úsáideoirí nó do shaoránaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.*** Chun na críche sin, ba cheart nós imeachta a bhunú i ndáil le fógra a thabhairt faoi theagmhais áirithe agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le paraiméadair chun a dhéanamh amach cathain a bhíonn an suaitheadh atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann mór agus ar cheart, dá bhrí sin, fógra a thabhairt faoi na teagmhais. I bhfianaise an tionchair trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ag suaitheadh den sórt sin, ba cheart nós imeachta a bhunú lena bhféadfadh na Ballstáit, trí phointí teagmhála aonair, na Ballstáit eile a ndéantar difear dóibh a chur ar an eolas faoi. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, agus gan dochar d'fhreagracht dhlíthiúil na mBallstát agus eintiteas criticiúil a áirithiú go gcomhlíonfar a gcuid oibleagáidí faoi seach a leagtar amach inti, ba cheart don Choimisiún tabhairt faoi ghníomhaíochtaí tacaíochta áirithe atá dírithe ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin a éascú, i gcás ina measann sé gurb iomchuí sin. Agus tacaíocht á tabhairt do na Ballstáit agus d'eintitis chriticiúla i gcur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, | (29) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, agus gan dochar d'fhreagracht dhlíthiúil na mBallstát agus eintiteas criticiúil, a áirithiú go gcomhlíonfar a gcuid oibleagáidí faoi seach a leagtar amach inti, ba cheart don Choimisiún tabhairt faoi ghníomhaíochtaí tacaíochta áirithe atá dírithe ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin a éascú, i gcás ina measann sé gurb iomchuí sin. ***Ba cheart go n-áireofaí i ngníomhaíochtaí den sórt sin freisin cúrsaí oiliúna maidir le gnéithe éagsúla d'athléimneacht*** |

| | |
|---|---|
| ba cheart don Choimisiún cur leis na struchtúir agus na huirlisí atá ann cheana, amhail iad siúd atá faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus faoin Líonra Tagartha Eorpach um Bonneagar Criticiúil a Chosaint. | ***eintiteas criticiúil. Ba cheart fócas speisialta na gcúrsaí sin a dhíriú, i measc nithe eile, ar theicneolaíochtaí suaiteacha atá ag teacht chun cinn.*** Agus tacaíocht á tabhairt ***agus oiliúint á cur*** ar na Ballstáit agus ar eintitis chriticiúla i gcur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, ba cheart don Choimisiún cur leis na struchtúir agus na huirlisí atá ann cheana, amhail iad siúd atá faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus faoin Líonra Tagartha Eorpach um Bonneagar Criticiúil a Chosaint***, nó faoin gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, a d'fhéadfadh rannchuidiú le cultúr coiteann slándála Eorpach a fhorbairt. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbainfear leas iomlán as deiseanna taighde i réimse athléimneacht eintiteas criticiúil faoin gclár Fís Eorpach, agus faoin gCiste Eorpach Cosanta.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Treoir seo déantar an méid seo a leanas: | 1. ***Leis an Treoir seo, leagtar síos bearta d'fhonn ardleibhéal athléimneachta eintiteas criticiúil a ghnóthú chun a áirithiú go soláthrófar seirbhísí fíor-riachtanacha laistigh den Aontas, agus leis sin, go n-áiritheofar feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus soláthar seirbhísí sóisialta fíor-riachtanacha.***<br>***Chun na críche sin***, leis an Treoir seo: |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'teagmhas' aon teagmhas a shuaitheann oibríochtaí eintitis chriticiúil nó a d'fhéadfadh oibríochtaí an eintitis chriticiúil a shuaitheadh; | (3) Ciallaíonn "teagmhas" aon teagmhas ***nádúrtha nó aon teagmhas de dhéantús an duine*** a d'fhéadfadh ***sábháilteacht agus slándáil a chur i mbaol,*** cur isteach ***ar sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha nó scriosadh a dhéanamh ar bhonneagair fhíor-riachtanacha i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit mar thorthaí ar mhainneachtain*** oibríochtaí an eintitis chriticiúil ***sin a chothabháil***; |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'seirbhís fhíor-riachtanach' seirbhís atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a choinneáil ar bun; | (5) ciallaíonn 'seirbhís fhíor-riachtanach' seirbhís atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha ***nó daonlathacha*** bunriachtanacha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha, ***an tsábháilteacht phoiblí, agus an smacht reachta*** a choinneáil ar bun; |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha chun athléimneacht fhoriomlán eintiteas criticiúil a fheabhsú agus idirspleáchais trasteorann trasearnálacha á gcur san áireamh; | (a) cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha chun athléimneacht fhoriomlán eintiteas criticiúil a fheabhsú agus idirspleáchais trasteorann agus trasearnála á gcur i gcuntas agus ***i gcás bagairt hibrideach freisin;*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Bunóidh gach Ballstát nósanna imeachta agus socruithe náisiúnta idir údaráis náisiúnta agus comhlachtaí ábhartha lena áirithiú go nglacfaidh an Ballstát páirt éifeachtach agus go dtacóidh sé le bainistíocht chomhordaithe teagmhas ar mhórscála a mbíonn tionchar acu ar eintitis chriticiúla agus ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear freagairtí ar iarratais ábhartha faoi na clásail dlúthpháirtíochta agus cosanta frithpháirtí de bhun Airteagal 222 CFAE agus Airteagal 42(7) CAE, faoi seach.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunóidh údaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 8 liosta seirbhísí fíor-riachtanacha sna hearnálacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn. Déanfaidh siad measúnú ar na rioscaí ábhartha uile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar na seirbhísí fíor-riachtanacha sin faoin [trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus i gcás inar gá ina dhiaidh sin, agus gach ceithre bliana ar a laghad, d'fhonn eintitis chriticiúla a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus d'fhonn cúnamh a thabhairt do na heintitis chriticiúla sin bearta a dhéanamh de bhun Airteagal 11. | Bunóidh údaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 8 liosta seirbhísí fíor-riachtanacha sna hearnálacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn. Déanfaidh siad measúnú ar na rioscaí ábhartha uile, ***bunaithe ar mhodheolaíocht choiteann agus ar tháscairí coiteanna,*** ar rioscaí iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar na seirbhísí fíor-riachtanacha sin faoin [trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus i gcás inar gá ina dhiaidh sin, agus gach ceithre bliana ar a laghad, d'fhonn eintitis chriticiúla a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus cúnamh a thabhairt do na heintitis chriticiúla sin bearta a dhéanamh de bhun Airteagal 11. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireofar sa mheasúnú riosca na rioscaí nádúrtha agus na rioscaí de dhéantús an duine, lena n-áirítear timpistí, tubaistí nádúrtha, éigeandálaí sláinte poiblí agus bagairtí eascairdiúla, lena n-áirítear cionta sceimhlitheoireachta de bhun Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]. | Cuirfear i gcuntas sa mheasúnú riosca na rioscaí nádúrtha agus na rioscaí de dhéantús an duine ábhartha go léir, lena n-áirítear timpistí, tubaistí nádúrtha, éigeandálaí sláinte poiblí, bagairtí eascairdiúla, ***bagairtí hibrideacha agus teagmhais mhórscála*** cionta sceimhlitheoireachta ***ina n-úsáidtear airm thraidisiúnta agus airm neamhthraidisiúnta amhail oibreáin CBRN*** de bhun Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. |
| | ***Ba cheart go gcuirfí i gcuntas i measúnú riosca inter alia leanúnachas an rialtais, soláthar fuinnimh, gluaiseacht an daonra, acmhainní uisce agus bia, práinnfhreagairt, iompar sibhialta agus córais chumarsáide.*** |
| [34] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6). | [34] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6). |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na heintitis chriticiúla a shainaithint le haghaidh gach earnála agus fo-earnála dá dtagraítear san Iarscríbhinn, seachas pointí 3, 4 agus 8 de, faoin [trí bliana agus trí mhí tar éis theacht | 1. Déanfaidh na Ballstáit***, bunaithe ar threoirlínte coiteanna arna n-eisiúint ag an gCoimisiún,*** na heintitis chriticiúla a shainaithint le haghaidh gach earnála agus fo-earnála dá dtagraítear san Iarscríbhinn, |

| | |
|---|---|
| i bhfeidhm na Treorach seo]. | seachas pointí 3, 4 agus 8 de, faoin [trí bliana agus trí mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an tionchar a d'fhéadfadh teagmhais a imirt ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, ar an gcomhshaol agus ar an tsábháilteacht phoiblí, i dtéarmaí méide agus fhad ama an tionchair; | (c) na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais, ó thaobh mhéid agus fhad na dtionchar sin, ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, ar an gcomhshaol agus ar an tslándáil phoiblí ***ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha;*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh a n-údaráis inniúla i gcomhairle le húdaráis náisiúnta ábhartha eile agus go n-oibreoidh siad i gcomhar leo, nuair is iomchuí agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, go háirithe na húdaráis sin a bhfuil an chosaint shibhialta, forfheidhmiú an dlí agus cosaint sonraí pearsanta ina gcúraimí orthu, chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear eintitis chriticiúla. | 5. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh a n-údaráis inniúla i gcomhairle le húdaráis náisiúnta ábhartha eile agus go n-oibreoidh siad i gcomhar leo, nuair is iomchuí agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, go háirithe na húdaráis sin a bhfuil an chosaint shibhialta, forfheidhmiú an dlí***, slándáil agus cosaint*** agus cosaint sonraí pearsanta ina gcúraimí orthu, chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear eintitis chriticiúla. ***Ag an am céanna, i bhfianaise go bhféadfadh roinnt eintiteas criticiúil a bheith príobháideach, ba cheart do na Ballstáit teacht ar bhealaí chun comhar tráthúil éifeachtach agus críochnúil a cheadú idir na heintitis sin agus oibreoirí éigeandála príobháideacha a d'fhéadfadh a bheith ag feidhmiú sna heintitis sin agus atá deimhnithe ag comhlachtaí náisiúnta, agus ag údaráis*** |

| | |
|---|---|
| | ***náisiúnta.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tacóidh na Ballstáit le heintitis chriticiúla agus iad ag feabhsú a n-athléimneachta. D’fhéadfadh a bheith san áireamh sa tacaíocht sin ábhair threoracha agus modheolaíochtaí treoracha a fhorbairt, tacú le cleachtaí a eagrú chun an athléimneacht a thástáil, agus oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne eintiteas criticiúil. | 1. Tacóidh na Ballstáit ***agus, nuair is gá, an Coimisiún*** le heintitis chriticiúla, ***lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí agus inarb indéanta ó thaobh airgeadais de,*** chun a n-athléimneacht a fheabhsú. D’fhéadfadh a bheith san áireamh sa tacaíocht sin ábhair threoracha agus modheolaíochtaí treoracha a fhorbairt, tacú le cleachtaí a eagrú, ***lena n-áirítear cleachtaí trasearnála agus trasteorann, i gcás inarb iomchuí,*** chun an athléimneacht a thástáil, agus ***cláir feasachta agus oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne na n-údarás inniúil náisiúnta agus na*** n-eintiteas criticiúil. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tarlú teagmhas a chosc, lena n-áirítear le laghdú rioscaí tubaiste agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide; | (a) tarlú teagmhas a chosc, lena n-áirítear le laghdú rioscaí tubaiste agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide ***agus le bearta a rannchuidíonn leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide***; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cosaint fhisiceach leormhaith a | (b) cosaint fhisiceach leormhaith a |

| | |
|---|---|
| áirithiú ar limistéir, saoráidí agus bonneagair íogaire eile, lena n-áirítear fálú, bacainní, uirlisí agus gnáthaimh faireacháin imlíne, chomh maith le trealamh braite agus rialuithe rochtana; | áirithiú ar limistéir, saoráidí agus bonneagair íogaire eile, lena n-áirítear fálú, bacainní, uirlisí agus gnáthaimh faireacháin imlíne, chomh maith le trealamh braite agus rialuithe rochtana***, agus lánurraim á tabhairt do rialacháin maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas agus do chomhlíonadh dhlí na hearnála agus an tsaothair***; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) bainistíocht cosanta ***fostaithe*** leormhaith a áirithiú, lena n-áirítear trí chatagóirí de bhaill foirne a leagan amach maidir le baill foirne a fheidhmíonn feidhmeanna criticiúla, trí chearta rochtana a bhunú ar limistéir, saoráidí agus bonneagair íogaire eile, agus ar fhaisnéis íogair, chomh maith le catagóirí sonracha de bhaill foirne a shainaithint i bhfianaise Airteagal 12; | (e) bainistíocht cosanta ***foirne*** leormhaith a áirithiú, lena n-áirítear trí chatagóirí de bhaill foirne a leagan amach maidir le baill foirne a fheidhmíonn feidhmeanna criticiúla, trí chearta rochtana a bhunú ar limistéir, saoráidí agus bonneagair íogaire eile, agus ar fhaisnéis íogair, chomh maith le catagóirí sonracha de bhaill foirne a shainaithint i bhfianaise Airteagal 12***, agus dlí na hearnála agus an tsaothair á chomhlíonadh go hiomlán***; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) feasacht a ardú faoi na bearta dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) i measc na mball foirne ábhartha. | (f) feasacht a mhúscailt maidir leis na bearta dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) i measc an phearsanra ábhartha agus ***iad a chur san áireamh trí idirphlé sóisialta maidir leis na bearta sin a shainmhíniú, a chur ar bun agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh eintitis chriticiúla iarrataí a chur isteach ar sheiceálacha cúlra ar dhaoine a thagann faoi réim catagóirí sonracha áirithe dá mbaill foirne, lena n-áirítear daoine atá á meas i leith earcú le haghaidh post a thagann faoi na gcatagóirí sin, agus áiritheoidh siad go ndéanfaidh na húdaráis atá inniúil na seiceálacha cúlra sin a dhéanamh na hiarrataí sin a mheasúnú go gasta. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh eintitis chriticiúla iarrataí a chur isteach ar sheiceálacha cúlra ***comhréireacha*** ar dhaoine a thagann faoi réim catagóirí sonracha áirithe dá mbaill foirne, lena n-áirítear daoine atá á meas i leith earcú le haghaidh post a thagann faoi na gcatagóirí sin, agus áiritheoidh siad go ndéanfaidh na húdaráis inniúla ***phoiblí*** na seiceálacha cúlra sin a dhéanamh na hiarrataí sin a mheasúnú go gasta. ***Beidh na seiceálacha sin comhréireach agus teoranta go docht don mhéid atá riachtanach agus ábhartha do chomhlíonadh dhualgais an phearsanra lena mbaineann, agus lánurraim á tabhairt do dhlí na hearnála agus don dlí saothair.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) an tionchar ar shaol an duine agus na hiarmhairtí comhshaoil;*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is saineolaithe ó na Ballstáit agus ionadaithe ón gCoimisiún a bheidh ar gach misean comhairleach. Féadfaidh na Ballstáit iarrthóirí a mholadh le bheith ina gcuid de mhisean comhairleach. Déanfaidh an Coimisiún comhaltaí gach misin | Is saineolaithe ó na Ballstáit agus ionadaithe ón gCoimisiún a bheidh ar gach misean comhairleach. Féadfaidh na Ballstáit iarrthóirí a mholadh le bheith ina gcuid de mhisean comhairleach. Déanfaidh an Coimisiún comhaltaí gach misin |

| | |
|---|---|
| chomhairligh a roghnú agus a cheapadh de réir a gcumais ghairmiúil agus áiritheoidh sé ionadaíocht chothrom ó thaobh geografaíochta de i measc na mBallstát. Is é an Coimisiún a sheasfaidh na costais a bhaineann le rannpháirtíocht sa mhisean comhairleach. | chomhairligh a roghnú agus a cheapadh de réir a gcumais ghairmiúil***, á roghnú ó chúlraí éagsúla,*** agus áiritheoidh sé ionadaíocht chothrom ***ó thaobh inscne agus*** suíomh geografaíochta de i measc na mBallstát. Is é an Coimisiún a sheasfaidh na costais a bhaineann le rannpháirtíocht sa mhisean comhairleach. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún a bheidh sa Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil. I gcás inarb ábhartha chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh ina chuid oibre. | Is ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún a bheidh sa Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil. I gcás inarb ábhartha chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh ina chuid oibre***, lena n-áiritheofar rannpháirtíocht ilghnéitheach de gheallsealbhóirí agus go háirithe ceardchumainn***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Déanfaidh an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil, de mheon an chomhair slándála agus na rochtana oscailte, a thorthaí agus sonraí foinseacha atá anaithnidithe go hiomchuí, a fhoilsiú go rialta don phobal i gcoitinne lena n-úsáid sa saol acadúil, i dtaighde slándála agus le haghaidh úsáidí tairbhiúla eile.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Chun an fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 13 a fháil agus a úsáid mar is ceart, coimeádfaidh an Coimisiún clárlann Eorpach de theagmhais agus forbróidh sé lárionad coiteann Eorpach tuairiscithe, a mbeidh sé mar aidhm aige dea-chleachtais agus modheolaíochtaí a fhorbairt agus a roinnt.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Méadóidh an Coimisiún an comhar le fóraim ábhartha idirnáisiúnta agus le tríú tíortha atá ar aon intinn, go háirithe na Balcáin Thiar agus tíortha Comharsanachta, inter alia faoin gClár Eorpach um Bonneagar Criticiúil a Chosaint agus cláir a d'fhéadfadh teacht i gcomharba air agus trí ghníomhaíochtaí agus cleachtaí traenála coiteanna agus dhea-chleachtais a roinnt.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn – Earnáil 9 – Teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Riarachán poiblí | 9. Riarachán poiblí agus ***institiúidí daonlathacha*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn – Earnáil 9 – Cineál eintitis – 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***— Rialtais agus tionóil lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla*** |

# NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Athléimneacht eintiteas criticiúil |
| **Tagairtí** | COM(2020)0829 – C9-0421/2020 – 2020/0365(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>11.2.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>11.3.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim:**<br>Dáta an cheapacháin | Lukas Mandl<br>22.2.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 16.6.2021 12.7.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 27.9.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 58<br>–: 8<br>0: 0 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Tanja Fajon, Anna Fotyga, Michael Gahler, Kinga Gál, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Sandra Kalniete, Maximilian Krah, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Claudiu Manda, Lukas Mandl, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Thijs Reuten, Jérôme Rivière, María Soraya Rodríguez Ramos, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Hermann Tertsch, Hilde Vautmans, Idoia Villanueva Ruiz, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vladimír Bilčík, Ioan-Rareş Bogdan, Özlem Demirel, Angel Dzhambazki, Markéta Gregorová, Evin Incir, Assita Kanko, Pierfrancesco Majorino, Mick Wallace |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 58 | + |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Anna Fotyga, Assita Kanko, Jacek Saryusz-Wolski, Hermann Tertsch |
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi |
| NI | Fabio Massimo Castaldo, Kinga Gál |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Ioan-Rareş Bogdan, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Lukas Mandl, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Evin Incir, Pierfrancesco Majorino, Claudiu Manda, Sven Mikser, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, Markéta Gregorová, Jordi Solé, Tineke Strik, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Salima Yenbou |

| 8 | - |
|---|---|
| ID | Maximilian Krah, Thierry Mariani, Jérôme Rivière |
| NI | Kostas Papadakis |
| The Left | Özlem Demirel, Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh